



**2020/(INI)**

2.6.2020

## **DRÉACHT-TUAIRIM**

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar straitéis nua do FBManna Eorpacha  
(2020/(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Pina Picierno

PA\_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Straitéis FBM d’Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach’ (COM(2020)0103),’ (COM(2020)0103),
- A. de bhrí go bhfostaíonn 25 milliún fiontar beag agus meánmhéide (FBManna) san Eoraip thart ar 100 milliún duine agus gurb ionann é sin agus níos mó ná leath de OTI na hEorpa;
- B. de bhrí, de réir sonraí ón gCoimisiún, go raibh 289 000 cuideachta bia agus dí san Eoraip in 2017, agus ba FBManna iad 90 % díobh sin;
- C. de bhrí go mbaineann raon leathan beartas atá fíor-chlaochlaitheach d’fheirmeoirí leis an gComhaontú Glas don Eoraip, lena n-áirítear an straitéis ‘ón bhfeirm go dtí an forc’, mar aon le straitéisí bithéagsúlachta;
- 1. is díol sásaimh di go gcuirtear san áireamh sa straitéis éagsúlacht FBManna i dtaobh samhlacha gnó, méid, aoise agus próifílí fiontraíochta;
- 2. á mheabhrú di gur earnáil riachtanach é táirgeadh agus próiseáil bia ina mbíonn ról an-mhór ag FBManna agus gur ríthábhachtach an earnáil sin le linn thréimhse téarnaimh COVID-19;
- 3. á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach go leanfaidh an Coimisiún d’fheabhas a chur ar rochtain FBManna ar mhargaí tríú tíortha, lena n-áirítear trí idirphlé, trí mhalartú deachleachtas le comhpháirtithe trádála agus trí thairseach faisnéise nua;
- 4. á chur i bhfios go mbeidh tionchar ag an straitéis ‘ón bhfeirm go dtí an forc’ ar fhormhór na bhfeirmeoirí, ar gnólachtaí teaghlaigh beaga go minic iad a oibríonn ar chorrlaigh ísle; á chreidiúint gur féidir leis an earnáil orgánach tairbhe a bhaint as an straitéis sin, agus á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht leordhóthanach agus leormhaith do FBManna chun déileáil le haon cheanglais riaracháin nó rialacha breise gaolmhara maidir le comhlíonadh;
- 5. á mheas go bhféadfaí tacaíocht faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) a dhíriú ar fheirmeacha agus ar ghnólachtaí eile i gceantair thuaithe, féadfaidh FBManna a bheith faoina chuimsiú, chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach a áirithiú feadh shaolré iomlán cuideachta.